Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0213

Leasú a dhéanamh ar Rialacháin áirithe CBT a mhéid a bhaineann leis an gcóras coinníollachta, cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíocht dhíreach, cineálacha idirghabhála in earnálacha ar leith agus tuarascálacha forbartha tuaithe agus tuarascálacha feidhmíochta bliantúla, rialachas sonraí agus idir-inoibritheachta, íocaíochtaí a chur ar fionraí, imréiteach feidhmíochta bliantúil agus rialuithe agus pionóis

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 8 Deireadh Fómhair 2025 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann leis an gcóras coinníollachta, cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochta dírí, cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe agus tuarascálacha forbartha tuaithe agus tuarascálacha feidhmíochta bliantúla agus Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le rialachas sonraí agus idir-inoibritheachta, íocaíochtaí a chur ar fionraí agus imréiteach feidhmíochta bliantúil agus rialuithe agus pionóis (COM(2025)0236 – C10-0086/2025 – 2025/0236(COD))[1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír (A10-0164/2025).

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) An t-aiseolas agus taithí ón dá bhliain de chur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT faoi chreat dlíthiúil CBT an Aontais atá ann faoi láthair, cuireann sé in iúl go bhfuil gá le tuilleadh coigeartuithe teoranta ar an reachtaíocht sin chun aghaidh a thabhairt ar na scrogaill agus na castachtaí a sainaithníodh. Áirítear orthu sin nach gcuirtear imthosca, cleachtais agus riachtanais shonracha grúpaí áirithe feirmeoirí — amhail feirmeoirí orgánacha, feirmeoirí óga, feirmeoirí beaga agus feirmeoirí beostoic — san áireamh go leordhóthanach fós i gcreat dlíthiúil CBT an Aontais, rud nach gceadaíonn do na Ballstáit na hionstraimí éagsúla a chur in oiriúint do chúinsí, riachtanais agus cleachtais shonracha na bhfeirmeoirí sin. Chomh maith leis sin, tá tearcúsáid á baint as deiseanna simpliúcháin áirithe laistigh de CBT, ar nós cnapshuimeanna nó roghanna costais simplithe a úsáid, mar gheall ar chastachtaí maidir lena gcur chun feidhme agus lena mbainistiú. D’fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le ceanglais fhorluiteacha nó dhébhríocha le haghaidh feirmeoirí, rochtain feirmeoirí ar thacaíocht a dhéanamh níos casta, agus bac a chur ar dheiseanna forbartha gnó le haghaidh feirmeoirí, ar nós feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua. Tá dolúbthachtaí áirithe sna	(4) An t-aiseolas agus taithí ón dá bhliain de chur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT faoi chreat dlíthiúil CBT an Aontais atá ann faoi láthair, cuireann sé in iúl go bhfuil gá le tuilleadh coigeartuithe teoranta ar an reachtaíocht sin chun aghaidh a thabhairt ar na scrogaill agus na castachtaí a sainaithníodh. Áirítear orthu sin nach gcuirtear imthosca, cleachtais agus riachtanais shonracha grúpaí áirithe feirmeoirí - amhail feirmeoirí orgánacha, feirmeoirí óga***, banfheirmeoirí, feirmeoirí i gceantair sléibhe,*** feirmeoirí beaga agus feirmeoirí beostoic - san áireamh go leordhóthanach fós i gcreat dlíthiúil CBT an Aontais, rud nach gceadaíonn do na Ballstáit na hionstraimí éagsúla a chur in oiriúint do chúinsí, riachtanais agus cleachtais shonracha na bhfeirmeoirí sin. Chomh maith leis sin, tá tearcúsáid á baint as deiseanna simpliúcháin áirithe laistigh de CBT, ar nós cnapshuimeanna nó roghanna costais simplithe a úsáid, mar gheall ar chastachtaí maidir lena gcur chun feidhme agus lena mbainistiú. D’fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le ceanglais fhorluiteacha nó dhébhríocha le haghaidh feirmeoirí, rochtain feirmeoirí ar thacaíocht a dhéanamh níos casta, agus bac a chur ar dheiseanna forbartha gnó le haghaidh feirmeoirí, ar nós

rialacha a bhfuil tionchar acu ar an gcaoi a ndéanann na Ballstáit a bPleananna Straitéiseacha CBT a bhainistiú agus a leasú agus ar an gcaoi a gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí tuairiscithe. Ar deireadh, ní mór an t-ualach a bhaineann le cuairteanna agus rialuithe ar an bhfeirm a mhaolú fós, is é sin an t-ualach ar fheirmeoirí agus ar chomhlachtaí riaracháin araon, go háirithe trí mhodheolaíochtaí níos éifeachtúla a thabhairt isteach le haghaidh measúnuithe cáilíochta agus rialuithe coinníollachta ar an gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialúcháin (CCRR). Trí na scrogaill agus na dolúbthachtaí sin a shárú, ba cheart go gcuideofaí leis na Ballstáit úsáid a bhaint as Pleananna Straitéiseacha CBT chun deiseanna a uasmhéadú ar mhaithe le feirmeoirí agus tairbhithe eile CBT, chun an t-ualach riaracháin agus an chastacht a laghdú, agus chun úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní tearca.

feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua. Tá dolúbthachtaí áirithe sna rialacha a bhfuil tionchar acu ar an gcaoi a ndéanann na Ballstáit a bPleananna Straitéiseacha CBT a bhainistiú agus a leasú agus ar an gcaoi a gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí tuairiscithe. Ar deireadh, ní mór an t-ualach a bhaineann le cuairteanna agus rialuithe ar an bhfeirm a mhaolú fós, is é sin an t-ualach ar fheirmeoirí agus ar chomhlachtaí riaracháin araon, go háirithe trí mhodheolaíochtaí níos éifeachtúla a thabhairt isteach le haghaidh measúnuithe cáilíochta agus rialuithe coinníollachta ar an gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialúcháin (CCRR). Trí na scrogaill agus na dolúbthachtaí sin a shárú, ba cheart go gcuideofaí leis na Ballstáit úsáid a bhaint as Pleananna Straitéiseacha CBT chun deiseanna a uasmhéadú ar mhaithe le feirmeoirí agus tairbhithe eile CBT, chun an t-ualach riaracháin agus an chastacht a laghdú, agus chun úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní tearca.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Chun an riosca a íoslaghdú go n-imreofar tionchair dhiúltacha ar an margadh aonair agus ar thrádáil idirnáisiúnta na n-íocaíochtaí nua géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais	(6) Chun an riosca a íoslaghdú go n-imreofar tionchair dhiúltacha ar an margadh aonair agus ar thrádáil idirnáisiúnta na n-íocaíochtaí nua géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais

dhíobhálacha aeráide agus teagmhais thurraingeacha i gcomhréir le ***hAirteagail 41a agus*** 78a de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart do na Ballstáit na hidirghabhálacha faoina bhfuil an tacaíocht sin ón Aontas le deonú a cheapadh sa chaoi go gcáileoidh siad faoi chritéir Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir leis an Talmhaíocht (‘Bosca Glas’).

dhíobhálacha aeráide agus teagmhais thurraingeacha i gcomhréir le ***hAirteagal*** 78a de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart do na Ballstáit na hidirghabhálacha faoina bhfuil an tacaíocht sin ón Aontas le deonú a cheapadh sa chaoi go gcáileoidh siad faoi chritéir Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir leis an Talmhaíocht (‘Bosca Glas’).

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) I bhfianaise chineál eisceachtúil na híocaíochta a gheobhadh an feirmeoir i gcás géarchéime, tar éis dó caillteanais shuntasacha táirgeachta de dheasca tubaistí nádúrtha a fhulaingt, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha eile, agus chun comhleanúnachas a áirithiú leis na híocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 78a de Rialachán (AE) 2021/2115, níor cheart feidhm a bheith ag an gcóras coinníollachta dá dtagraítear in Airteagal 12 den Rialachán sin maidir le híocaíochtaí fhorlíontacha le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha faoi íocaíochtaí díreacha, dá dtagraítear in Airteagal 41a	***scriosta***

den Rialachán sin.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Is é is aidhm don chóras coinníollachta lena gcuimsítear Ceanglais Reachtúla Bhainistíochta (CRB) agus Caighdeáin maidir le Dea-riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil Talún (GAEC) rannchuidiú le talmhaíocht inbhuanaithe a fhorbairt trí fheasacht mhéadaithe a bheith ag na tairbhithe ar an ngá atá leis na bunchaighdeáin agus na buncheanglais sin a chomhlíonadh. Is é is aidhm dó freisin comhsheasmhacht CBT leis na cuspóirí comhshaoil, sláinte phoiblí, sláinte plandaí agus leasa ainmhithe a shaothraítear le reachtaíocht an Aontais a mhéadú. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil teorainn leis an limistéar talmhaíochta atá á bhainistiú ag feirmeoirí beaga a thairbhíonn d'íocaíochtaí faoi na hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/2115, ní leor na tairbhí a bhaineann leis an gcóras coinníollachta a chur i bhfeidhm maidir leis na feirmeoirí beaga sin a bhainistíonn ***formhór*** na bhfeirmeacha san Aontas i gcomparáid le costais shuntasacha, agus cuireann sé ualach riaracháin mór ar na feirmeoirí agus ar na riaracháin náisiúnta sin. Chun na costais sin a laghdú agus chun an t-ualach	(9) Is é is aidhm don chóras coinníollachta lena gcuimsítear Ceanglais Reachtúla Bhainistíochta (CRB) agus Caighdeáin maidir le Dea-riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil Talún (GAEC) rannchuidiú le talmhaíocht inbhuanaithe a fhorbairt trí fheasacht mhéadaithe a bheith ag na tairbhithe ar an ngá atá leis na bunchaighdeáin agus na buncheanglais sin a chomhlíonadh. Is é is aidhm dó freisin comhsheasmhacht CBT leis na cuspóirí comhshaoil, sláinte phoiblí, sláinte plandaí agus leasa ainmhithe a shaothraítear le reachtaíocht an Aontais a mhéadú. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil teorainn leis an limistéar talmhaíochta atá á bhainistiú ag feirmeoirí beaga a thairbhíonn d'íocaíochtaí faoi na hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/2115, ní leor na tairbhí a bhaineann leis an gcóras coinníollachta a chur i bhfeidhm maidir leis na feirmeoirí beaga sin a bhainistíonn ***dhá thrian*** de na feirmeacha san Aontas ***agus nach mó ná 10 heicteár a ngabháltais,*** i gcomparáid le costais shuntasacha, agus cuireann sé ualach riaracháin mór ar na feirmeoirí agus ar na riaracháin náisiúnta sin. Chun na

riaracháin gaolmhar a éascú, is iomchuí feirmeoirí beaga a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm an chórais coinníollachta.

costais sin a laghdú agus chun an t-ualach riaracháin gaolmhar a éascú, is iomchuí feirmeoirí beaga a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm an chórais coinníollachta.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Is é is aidhm do chaighdeán GAEC 1, a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 féarthalamh buan a choinneáil ar bun chun stoc carbóin a chaomhnú. Le pointí 1.7.3 agus 1.9.1.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, cuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá sé úsáid innilte agus féaraigh a uasmhéadú, rud a chuireann cosc ar fhéarthalamh buan a thiontú ar mhaithe le húsáidí talún eile, agus i gcomhréir le príomhchuspóir chaighdeán 1 GAEC, caomhnaítear stoc carbóin i bhféarthailte buana. Is é is aidhm do chaighdeáin GAEC 3, 5 agus 6, a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ábhar orgánach ithreach a choinneáil ar bun, creimeadh a theorannú, agus ithreacha a chosaint le linn tréimhsí íogaire, faoi seach. Baintear na cuspóirí sin amach cheana féin trí na cleachtais curaíochta agus saothraithe a chuirtear i bhfeidhm i dtáirgeadh plandaí orgánacha, go háirithe iad siúd dá dtagraítear i bpointe 1.9. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848. Is é	(11) Is é is aidhm do chaighdeán GAEC 1, a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 féarthalamh buan a choinneáil ar bun chun stoc carbóin a chaomhnú. Le pointí 1.7.3 agus 1.9.1.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, cuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá sé úsáid innilte agus féaraigh a uasmhéadú, rud a chuireann cosc ar fhéarthalamh buan a thiontú ar mhaithe le húsáidí talún eile, agus i gcomhréir le príomhchuspóir chaighdeán 1 GAEC, caomhnaítear stoc carbóin i bhféarthailte buana. Is é is aidhm do chaighdeáin GAEC 3, 5 agus 6, a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ábhar orgánach ithreach a choinneáil ar bun, creimeadh a theorannú, agus ithreacha a chosaint le linn tréimhsí íogaire, faoi seach. Baintear na cuspóirí sin amach cheana féin trí na cleachtais curaíochta agus saothraithe a chuirtear i bhfeidhm i dtáirgeadh plandaí orgánacha, go háirithe iad siúd dá dtagraítear i bpointe 1.9. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848. Is é

is aidhm do chaighdeán GAEC 4, a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, uisce a chosaint ar thruailliú. Ar an gcaoi chéanna, is é is aidhm do phointí 1.5, 1.7, 1.9 agus 1.10 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 an riosca truaillithe uisce a laghdú trí úsáid táirgí íocshláinte tréidliachta a theorannú, úsáid leasachán agus lotnaidicídí a shrianadh, agus dlús stocála a shrianadh. Is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil tionchar dearfach ag an bhfeirmeoireacht orgánach a mhéid a bhaineann le láisteadh cothaitheach agus rith chun srutha cothaitheach, rud a fhágann gur lú an dóchúlacht go gcuirfeadh feirmeoir orgánach cáilíocht an uisce i mbaol, agus ar an gcaoi sin go mbainfí amach príomhchuspóir chaighdeán GAEC 4. Dá bhrí sin, i bhfianaise na bprionsabal agus na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/848 agus na gcleachtas atá ann cheana faoi na córais feirmeoireachta orgánaí, feirmeoirí orgánacha a bhfuil a ngabháltas iomlán deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848, ba cheart a mheas go gcomhlíonann siad caighdeáin GAEC 1, 3, 4, 5 agus 6, mar is amhlaidh cheana i ndáil le caighdeán GAEC 7.

is aidhm do chaighdeán GAEC 4, a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, uisce a chosaint ar thruailliú. Ar an gcaoi chéanna, is é is aidhm do phointí 1.5, 1.7, 1.9 agus 1.10 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 an riosca truaillithe uisce a laghdú trí úsáid táirgí íocshláinte tréidliachta a theorannú, úsáid leasachán agus lotnaidicídí a shrianadh, agus dlús stocála a shrianadh. Is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil tionchar dearfach ag an bhfeirmeoireacht orgánach a mhéid a bhaineann le láisteadh cothaitheach agus rith chun srutha cothaitheach, rud a fhágann gur lú an dóchúlacht go gcuirfeadh feirmeoir orgánach cáilíocht an uisce i mbaol, agus ar an gcaoi sin go mbainfí amach príomhchuspóir chaighdeán GAEC 4. Dá bhrí sin, i bhfianaise na bprionsabal agus na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/848 agus na gcleachtas atá ann cheana faoi na córais feirmeoireachta orgánaí ***chomh maith le cleachtais atá i bhfeidhm i gcomhthéacs bainistithe chomhtháite lotnaidí,*** feirmeoirí orgánacha a bhfuil a ngabháltas iomlán deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848, ***nó feirmeoirí a bhfuil baint acu le modhanna táirgthe inbhuanaithe eile, amhail feirmeoireacht chomhtháite, agus iad siúd a chuireann bainistiú comhtháite i bhfeidhm ar bhealach creidiúnaithe*** ba cheart a mheas go gcomhlíonann siad caighdeáin GAEC 1, 3, 4, 5 agus 6, mar is amhlaidh cheana i ndáil le

caighdeán GAEC 7.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) I bhfianaise chineál eisceachtúil na híocaíochta a gheobhadh an feirmeoir i gcás géarchéime, tar éis dó caillteanais shuntasacha táirgeachta de dheasca tubaistí nádúrtha a fhulaingt, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha eile, agus chun comhleanúnachas a áirithiú leis na híocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 78a de Rialachán (AE) 2021/2115, níor cheart feidhm a bheith ag an gcóras coinníollachta dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán sin maidir le híocaíochtaí forlíontacha le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha faoi íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 41a den Rialachán sin.	***scriosta***

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Tá méadú ag teacht ar mhinicíocht, déine agus fad na	***scriosta***

dtubaistí nádúrtha, na dteagmhas díobhálach aeráide agus na dteagmhas turraingeach agus tá tionchar suntasach acu ar earnáil na talmhaíochta san Aontas. Le Rialachán (AE) 2021/2115, soláthraítear cheana sraith uirlisí d'fheirmeoirí chun athléimneacht a fhorbairt agus chun freagairt do ghéarchéimeanna. Mar sin féin, i ngeall ar scála na n-imeachtaí agus a gcineál tobann urghnách, tá gá le hionstraimí leathnaithe atá ar fáil do na Ballstáit. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le híocaíochtaí géarchéime forlíontacha le feirmeoirí agus iad a áireamh mar chineál nua idirghabhála i bhfoirm íocaíochtaí díreacha in Airteagal 16 den Rialachán sin.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/2115, beidh Ballstát in ann suas le 3 % de na híocaíochtaí díreacha a íoc le feirmeoir chun tacú le ranníocaíocht na bhfeirmeoirí le huirlis bainistithe riosca. Na Ballstáit a chinneann an rogha sin a úsáid, ní mór dóibh í a chur i bhfeidhm í maidir le gach tairbhí a fhaigheann íocaíochtaí díreacha in aon bhliain ar leith. Is léir ón taithí a fuarthas nach mbaineann	(15) Le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/2115, beidh Ballstát in ann suas le 3 % de na híocaíochtaí díreacha a íoc le feirmeoir chun tacú le ranníocaíocht na bhfeirmeoirí le huirlis bainistithe riosca. Na Ballstáit a chinneann an rogha sin a úsáid, ní mór dóibh í a chur i bhfeidhm í maidir le gach tairbhí a fhaigheann íocaíochtaí díreacha in aon bhliain ar leith. Is léir ón taithí a fuarthas nach mbaineann

ach fíorbheagán Ballstát úsáid as an rogha sin. Léiríodh sa phlé leis na Ballstáit gur bac ar chur chun feidhme na forála sin é an easpa uirlisí bainistithe riosca, arna mbunú ag na Ballstáit ***nó*** atá ar fáil trí árachas príobháideach, atá ar fáil do gach feirmeoir a fhaigheann íocaíochtaí díreacha. Chun glacadh agus úsáid na deise dá bhforáiltear in Airteagal 19 den Rialachán sin a mhéadú, is gá a chur chun feidhme a dhéanamh níos solúbtha agus é a chur in oiriúint do na huirlisí bainistíochta atá ann cheana sna Ballstáit. Mar thoradh ar an leasú sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann suas le 3 % de na híocaíochtaí díreacha a choinneáil, íocaíochtaí atá le híoc leis na feirmeoirí sin ar ar mhaithe leo amháin is ann do scéimeanna bainistithe riosca in aon bhliain ar leith. ***Na Ballstáit inarb ann do scéimeanna bainistithe riosca le haghaidh gach tairbhí íocaíochtaí díreacha, ba cheart dóibh a bheith in ann leanúint de suas le 3 % d'íocaíochtaí díreacha na dtairbhithe sin go léir a choinneáil.***

ach fíorbheagán Ballstát úsáid as an rogha sin. Léiríodh sa phlé leis na Ballstáit gur bac ar chur chun feidhme na forála sin é an easpa uirlisí bainistithe riosca, ***bíodh siad*** bunaithe ag na Ballstáit nó ar fáil trí árachas príobháideach, atá ar fáil do gach feirmeoir a fhaigheann íocaíochtaí díreacha. Chun glacadh agus úsáid na deise dá bhforáiltear in Airteagal 19 den Rialachán sin a mhéadú, is gá a chur chun feidhme a dhéanamh níos solúbtha agus é a chur in oiriúint do na huirlisí bainistíochta atá ann cheana sna Ballstáit. Mar thoradh ar an leasú sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann suas le 3 % de na híocaíochtaí díreacha a choinneáil ***freisin***, íocaíochtaí atá le híoc leis na feirmeoirí sin ar ar mhaithe leo amháin is ann do scéimeanna bainistithe riosca in aon bhliain ar leith.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Sna chéad bhlianta de chur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT, bhí tionchar ag tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó	***scriosta***

teagmhais thurraingeacha eile ar tháirgeacht roinnt mhaith feirmeoirí ar fud an Aontais. Tá coinne le go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh amach anseo. Dá bhrí sin, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann íocaíochtaí géarchéime a thairiscint i bhfoirm tacaíocht ioncaim dhírigh mhéadaithe ionas gur féidir na feirmeoirí is mó a ndéantar difear dóibh a chúiteamh go tapa. Chun an dreasacht le haghaidh feirmeoirí a choinneáil ar bun chun a dtáirgeacht a árachú, ba cheart do na Ballstáit ráta cúitimh níos airde a leagan síos le haghaidh na bhfeirmeoirí sin a chumhdaítear trí scéim árachais nó trí uirlis bainistithe riosca eile. Chun na cistí atá le húsáid chun tacú le feirmeoirí a mhéadú, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit na híocaíochtaí géarchéime sin a chómhaoiniú le maoiniú náisiúnta breise suas le 200 %. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, áfach, nach mbeidh róchúiteamh ná cistiú dúbailte ann mar thoradh ar an gcúiteamh iomlán a fhaigheann an feirmeoir, agus é á charnadh le foirmeacha eile tacaíochta de chuid an Aontais nó de thacaíocht arna maoiniú go náisiúnta (lena n-áirítear maoiniú náisiúnta breise), árachas príobháideach nó scéimeanna bainistithe riosca eile.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Chun tacaíocht éifeachtúil a thabhairt d'fheirmeoirí a ndearna tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha eile damáiste dá dtáirgeacht, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann íocaíochtaí géarchéime a phleanáil, ***ní hamháin trí idirghabhálacha tacaíochta ioncaim dírí, ach trí*** idirghabhálacha le haghaidh forbairt tuaithe ***freisin***. Leis na cineálacha tacaíochta sin, ba cheart solúbthacht leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit maidir leis na hidirghabhálacha a phleanáil. ***Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit comhsheasmhacht a áirithiú idir na hidirghabhálacha sin. Dá réir sin, na forálacha maidir le spriocdhíriú tacaíochta agus an éifeacht dreasachta, ba cheart iad a bheith mar an gcéanna***. Chun bainistíocht fhónta airgeadais chistí an Aontais a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh róchúiteamh ná cistiú dúbailte ann mar thoradh ar an gcúiteamh iomlán a fhaigheann an feirmeoir, agus é á charnadh le foirmeacha eile tacaíochta de chuid an Aontais nó de thacaíocht arna maoiniú go náisiúnta (lena n-áirítear maoiniú náisiúnta breise), árachas príobháideach nó scéimeanna bainistithe riosca eile.	(33) Chun tacaíocht éifeachtúil a thabhairt d'fheirmeoirí a ndearna tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha eile damáiste dá dtáirgeacht, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann íocaíochtaí géarchéime a phleanáil trí idirghabhálacha le haghaidh forbairt tuaithe. Leis na cineálacha tacaíochta sin, ba cheart solúbthacht leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit maidir leis na hidirghabhálacha a phleanáil. Chun bainistíocht fhónta airgeadais chistí an Aontais a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh róchúiteamh ná cistiú dúbailte ann mar thoradh ar an gcúiteamh iomlán a fhaigheann an feirmeoir, agus é á charnadh le foirmeacha eile tacaíochta de chuid an Aontais nó de thacaíocht arna maoiniú go náisiúnta (lena n-áirítear maoiniú náisiúnta breise), árachas príobháideach nó scéimeanna bainistithe riosca eile.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Le hAirteagal 86(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2021/2115, leagtar síos rialacha maidir le hincháilitheacht an chaiteachais a eascraíonn as leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh ranníocaíocht ó CERT agus CETFT, faoi seach. Chun na rialacha maidir le hincháilitheacht chaiteachais a shimpliú, chun feabhas a chur ar shineirgí idir CERT agus CETFT agus chun an tsolúbthacht a mhéadú le haghaidh na mBallstát chun dátaí éifeachta na leasuithe a bhaineann le CERT ar Phleananna Straitéiseacha CBT a chinneadh, is iomchuí incháilitheacht caiteachais a eascraíonn as leasú straitéiseach formheasta ar Phlean Straitéiseach CBT le haghaidh ranníocaíocht CERT a cheadú ó dháta éifeachta an leasaithe arna shocrú ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 119(8) den Rialachán sin, ach tráth nach luaithe ná an dáta a chuirtear an iarraidh ar leasú faoi bhráid an Choimisiúin. I gcás leasuithe eile ar Phleananna Straitéiseacha CBT a bhaineann le CERT, ba cheart an caiteachas a bheith incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó CERT ón dáta a thabharfar fógra faoin leasú don Choimisiún, mar a leagtar síos in Airteagal 119(9) de Rialachán (AE) 2021/2115, arna leasú leis an Rialachán seo. ***Chun comhleanúnachas a áirithiú idir na rialacha a bhaineann le***	(40) Le hAirteagal 86(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2021/2115, leagtar síos rialacha maidir le hincháilitheacht an chaiteachais a eascraíonn as leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh ranníocaíocht ó CERT agus CETFT, faoi seach. Chun na rialacha maidir le hincháilitheacht chaiteachais a shimpliú, chun feabhas a chur ar shineirgí idir CERT agus CETFT agus chun an tsolúbthacht a mhéadú le haghaidh na mBallstát chun dátaí éifeachta na leasuithe a bhaineann le CERT ar Phleananna Straitéiseacha CBT a chinneadh, is iomchuí incháilitheacht caiteachais a eascraíonn as leasú straitéiseach formheasta ar Phlean Straitéiseach CBT le haghaidh ranníocaíocht CERT a cheadú ó dháta éifeachta an leasaithe arna shocrú ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 119(8) den Rialachán sin, ach tráth nach luaithe ná an dáta a chuirtear an iarraidh ar leasú faoi bhráid an Choimisiúin. I gcás leasuithe eile ar Phleananna Straitéiseacha CBT a bhaineann le CERT, ba cheart an caiteachas a bheith incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó CERT ón dáta a thabharfar fógra faoin leasú don Choimisiún, mar a leagtar síos in Airteagal 119(9) de Rialachán (AE) 2021/2115, arna leasú leis an Rialachán seo.

hincháilitheacht do ranníocaíocht ó CERT agus CETFT i gcásanna ina bhfuil bearta éigeandála i gceist i ngeall ar thubaistí nádúrtha, teagmhais thurraingeacha nó teagmhais dhíobhálacha aeráide, incháilitheacht an chaiteachais arna mhaoiniú ag CERT a bhaineann le leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a bhaineann le híocaíochtaí géarchéime forlíontacha le feirmeoirí faoi íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 41a den Rialachán sin, ba cheart a bheith in ann a shuí i bPleananna Straitéiseacha CBT go bhféadfaidh siad tosú ón dáta ar tharla an teagmhas.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 41

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(41) Chun maoiniú leordhóthanach a áirithiú le haghaidh na gcineálacha nua idirghabhála le haghaidh íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha dá dtagraítear in ***Airteagail 41a agus*** 78a de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann sciar áirithe ***d'íocaíochtaí díreacha agus*** de chistiú CETFT ***araon*** a fhorchoimeád le haghaidh na ***gcineálacha*** idirghabhála ***sin***. Mar sin féin, d'fhonn a áirithiú go	(41) Chun maoiniú leordhóthanach a áirithiú don ***chineál*** nua idirghabhála le haghaidh íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha dá dtagraítear in ***Airteagal*** 78a de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann sciar áirithe d'íocaíochtaí díreacha agus de chistiú CETFT araon a fhorchoimeád don ***chineál*** idirghabhála ***sin***. Mar sin féin, d'fhonn a áirithiú go mbeidh maoiniú leordhóthanach ar fáil fós chun tosaíochtaí eile CBT a bhaint

mbeidh maoiniú leordhóthanach ar fáil fós chun tosaíochtaí eile CBT a bhaint amach, ba cheart an sciar sin a theorannú d'uasmhéid bliantúil atá ar fáil in aghaidh an Bhallstáit, méid a chomhfhreagraíonn do 3 % d'iomlán na ***n-íocaíochtaí díreacha*** agus de chistiú CETFT in aghaidh na bliana. ***Chun na Ballstáit a spreagadh chun tús áite a thabhairt d'úsáid na hionstraime a leagtar amach in Airteagal 41a den Rialachán sin agus a mhaoinítear le cistiú íocaíochtaí díreacha, ba cheart an t-uasmhéid bliantúil is féidir le Ballstát a chur i leataobh le haghaidh an chineáil idirghabhála sin a bheith comhfhreagairt do 4 % d'iomlán na n-íocaíochtaí díreacha agus de chistiú CETFT in aghaidh na bliana, má chinneann an Ballstát gan tacaíocht a sholáthar d'íocaíochtaí géarchéime faoi Airteagal 78a den Rialachán sin.***

amach, ba cheart an sciar sin a theorannú d'uasmhéid bliantúil atá ar fáil in aghaidh an Bhallstáit, méid a chomhfhreagraíonn do 3 % de chistiú iomlán CETFT in aghaidh na bliana.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(42) Mar gheall ar a gcineál ar leith, na cineálacha nua idirghabhála le haghaidh íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí faoi ***íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 41a de Rialachán (AE) 2021/2115 agus faoin*** bhforbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 78a den Rialachán	(42) Mar gheall ar a gcineál ar leith, na cineálacha nua idirghabhála le haghaidh íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí faoin bhforbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 78a de Rialachán ***(AE) 2021/2115***, ba cheart iad a dhíolmhú ón oibleagáid rannchuidiú leis na táscairí toraidh a liostaítear in

sin, ba cheart iad a dhíolmhú ón oibleagáid rannchuidiú leis na táscairí toraidh a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 43

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(43) An maoiniú náisiúnta breise le haghaidh íocaíochtaí géarchéime forlíontacha le feirmeoirí dá bhforáiltear i gcomhréir le hAirteagal 41a de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart é a áireamh in Iarscríbhinn V a ghabhann le Plean Straitéiseach CBT an Bhallstáit.	***scriosta***

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 44

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(44) Foráiltear le hAirteagal 119(4) de Rialachán (AE) 2021/2115 go bhformheasfaidh an Coimisiún iarrataí ar leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a chuireann na Ballstáit isteach. Le hAirteagal 119(9) den Rialachán sin, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit modhnuithe a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm ar phleananna straitéiseacha CBT a bhaineann leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil IV, den	(44) Foráiltear le hAirteagal 119(4) de Rialachán (AE) 2021/2115 go bhformheasfaidh an Coimisiún iarrataí ar leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a chuireann na Ballstáit isteach. Le hAirteagal 119(9) den Rialachán sin, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit modhnuithe a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm ar phleananna straitéiseacha CBT a bhaineann leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil IV, den

Rialachán sin, arna bhformheas ag an gCoimisiún in éineacht leis an gcéad iarraidh eile ar leasú. Is léir ón taithí a fuarthas gur minic a bhíonn roinnt mhaith eilimintí teicniúla sna leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a fhágann go mbíonn siad casta, dochraideach do na Ballstáit, agus go mbíonn moilleanna ar na nósanna imeachta formheasa mar thoradh orthu cé nach bhfuil aon athrú ar threoshuíomh straitéiseach na bPleananna. Cuireann sé sin isteach ar Phleananna Straitéiseacha CBT a oiriúnú go tráthúil agus go héifeachtach do réaltacht eacnamaíoch atá ag athrú agus do riachtanais feirmeoirí agus tairbhithe eile sna Ballstáit agus bíonn tionchar diúltach aige ar chur chun feidhme na bPleananna sin. Chun éifeachtúlacht na nósanna imeachta um leasú a shimpliú agus a fheabhsú, go háirithe maidir le gnéithe de na Pleananna Straitéiseacha CBT nach de chineál straitéiseach iad, níor cheart formheas ón gCoimisiún a cheangal ach amháin le haghaidh leasuithe straitéiseacha ar Phleananna Straitéiseacha CBT. Chun na críche sin, ba cheart leasuithe straitéiseacha a shainmhíniú i Rialachán (AE) 2021/2115 mar leasuithe ar eilimintí tábhachtacha de Phleananna Straitéiseacha CBT a mbíonn tionchar suntasach acu ar straitéis agus loighic idirghabhála na bpleananna sin, lena n-áirítear aistrithe leithdháiltí airgeadais idir CETFT agus CERT, leithdháilte airgeadais uasta agus íosta, agus athruithe ar phleananna sprice agus airgeadais. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann gach

Rialachán sin, arna bhformheas ag an gCoimisiún in éineacht leis an gcéad iarraidh eile ar leasú. Is léir ón taithí a fuarthas gur minic a bhíonn roinnt mhaith eilimintí teicniúla sna leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a fhágann go mbíonn siad casta, dochraideach do na Ballstáit, agus go mbíonn moilleanna ar na nósanna imeachta formheasa mar thoradh orthu cé nach bhfuil aon athrú ar threoshuíomh straitéiseach na bPleananna. Cuireann sé sin isteach ar Phleananna Straitéiseacha CBT a oiriúnú go tráthúil agus go héifeachtach do réaltacht eacnamaíoch atá ag athrú agus do riachtanais feirmeoirí agus tairbhithe eile sna Ballstáit agus bíonn tionchar diúltach aige ar chur chun feidhme na bPleananna sin. Chun éifeachtúlacht na nósanna imeachta um leasú a shimpliú agus a fheabhsú, go háirithe maidir le gnéithe de na Pleananna Straitéiseacha CBT nach de chineál straitéiseach iad, níor cheart formheas ón gCoimisiún a cheangal ach amháin le haghaidh leasuithe straitéiseacha ar Phleananna Straitéiseacha CBT. Chun na críche sin, ba cheart leasuithe straitéiseacha a shainmhíniú i Rialachán (AE) 2021/2115 mar leasuithe ar eilimintí tábhachtacha de Phleananna Straitéiseacha CBT a mbíonn tionchar suntasach acu ar straitéis agus loighic idirghabhála na bpleananna sin, lena n-áirítear aistrithe leithdháiltí airgeadais idir CETFT agus CERT, leithdháilte airgeadais uasta agus íosta, agus athruithe ar phleananna sprice agus airgeadais. Ba cheart do na Ballstáit ***leasuithe***

leasú eile ar a bPleananna Straitéiseacha CBT a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún fúthu, agus níor cheart na leasuithe eile sin a bheith faoi réir formheas a fháil ón gCoimisiúin.	***straitéiseacha ar a bPleananna Straitéiseacha CBT a chur faoi bhráid an Choimisiúin tar éis comhairliúcháin iomchuí a dhéanamh leis na geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh***. ***Ba cheart do na Ballstáit*** a bheith in ann gach leasú eile ar a bPleananna Straitéiseacha CBT a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún fúthu, agus níor cheart na leasuithe eile sin a bheith faoi réir formheas a fháil ón gCoimisiúin.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 53

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(53) An maoiniú náisiúnta breise le haghaidh íocaíochtaí géarchéime forlíontacha le feirmeoirí dá bhforáiltear i gcomhréir le hAirteagal 41a de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart é a bheith faoi réir na rialacha céanna le maoiniú náisiúnta faoin bhforbairt tuaithe.	***scriosta***

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 55

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(55) Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 táscairí tionchair, toraidh agus aschuir de	(55) Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 táscairí tionchair, toraidh agus aschuir de

bhun Airteagal 7 den Rialachán sin. An tábla ‘Imréiteach feidhmíochta bliantúil — OUTPUT’ in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, ba cheart é a ionadú chun táscairí aschuir a thabhairt isteach atá nasctha leis na ***cineálacha*** idirghabhála nua a tugadh isteach agus leis na cineálacha idirghabhála leasaithe agus chun scriosadh an imréitigh feidhmíochta bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116 leis an Rialachán seo a chur san áireamh.

bhun Airteagal 7 den Rialachán sin. An tábla ‘Imréiteach feidhmíochta bliantúil — ASCHUR’ in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, ba cheart é a ionadú chun táscairí aschuir a thabhairt isteach atá nasctha leis ***an gcineál*** idirghabhála nua a tugadh isteach agus leis na cineálacha idirghabhála leasaithe agus chun scriosadh an imréitigh feidhmíochta bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116 leis an Rialachán seo a chur san áireamh.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 56

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(56) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, liostaítear ina míreanna ábhartha d’Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht (‘Bosca Glas’) le haghaidh gach cineáil idirghabhála den Rialachán sin. Dá bhrí sin, na ***cineálacha*** idirghabhála a tugadh isteach le déanaí le haghaidh íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí faoi ***íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 41a de Rialachán (AE) 2021/2115 agus le haghaidh*** forbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 78a ***den*** Rialachán sin, ba cheart iad a áireamh san Iarscríbhinn sin.	(56) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, liostaítear ina míreanna ábhartha d’Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht (‘Bosca Glas’) le haghaidh gach cineáil idirghabhála den Rialachán sin. Dá bhrí sin, ***an cineál*** idirghabhála a tugadh isteach le déanaí le haghaidh íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí faoi fhorbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 78a de Rialachán ***(AE) 2021/2115***, ba cheart iad a áireamh san Iarscríbhinn sin.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 61

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(61) Is léir ón taithí a fuarthas agus an cúlchiste talmhaíochta á chur chun feidhme go bhfuil sé luachmhar i gcás géarchéime chun tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí a ndéantar difear dóibh agus chun cuidiú leis na margaí cothromaíocht níos fearr a bhaint amach arís. Le blianta beaga anuas, áfach, bhí méadú ag teacht ar an úsáid a baineadh as chun cás na bhfeirmeoirí a fhulaingíonn caillteanais dhíreacha de dheasca tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha a mhaolú, cé gurbh é an cuspóir bunaidh a bhí leis mar ionstraim maoiniúcháin le haghaidh an mhargaidh díriú ar thionchair shuaití sa mhargadh a chúiteamh agus a mhaolú. I bhfianaise na ndúshlán méadaitheach atá roimh earnáil talmhaíochta an Aontais, lena n-áirítear teannas trádála, neamhchinnteacht gheopholaitiúil agus tionchar indíreach méadaithe saincheisteanna sláinte ainmhithe ar chothromaíocht an mhargaidh, is cosúil go bhfuil údar leis an gcúlchiste a athdhíriú ar a chuspóir bunaidh. Na Ballstáit atá i gceannas ar straitéisí láidre bainistithe riosca agus	***scriosta***

géarchéime a fhorbairt le tacaíocht airgeadais óna bPleananna Straitéiseacha CBT, lena n-áirítear na hionstraimí nua a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar chúiteamh d'fheirmeoirí as éifeachtaí díreacha tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha, amhail iad siúd as a n-eascraíonn caillteanais fhisiceacha plandaí, ainmhithe agus táirgí díobh. Maidir le bearta chun an tionchar diúltach ar fheirmeoirí a eascraíonn as suaitheadh sa mhargadh a chothromú, ar nós na mbeart sin a dhéanann difear do phraghsanna, do chostais nó do dhíolacháin, agus nuair a ghintear iad mar éifeachtaí indíreacha tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha, ba cheart leanúint de na bearta sin a mhaoiniú leis an gcúlchiste talmhaíochta.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 80

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(80) Ós rud é gur leithdháileadh cistí cheana féin ó chúlchiste talmhaíochta 2025 le haghaidh earnálacha a ndéanann teagmhais dhíobhálacha aeráide agus tubaistí nádúrtha difear dóibh	***scriosta***

dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/441[19] ón gCoimisiún, ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 2, pointe (5) den Rialachán seo ón mbliain airgeadais talmhaíochta 2026, i.e. ón 16 Deireadh Fómhair 2025 amháin.

_____

[19] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/441 ón gCoimisiún an 6 Márta lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta a ndéanann teagmhais dhíobhálacha aeráide agus le tubaistí nádúrtha difear dóibh sa Spáinn, sa Chróit, sa Chipir, sa Laitvia agus san Ungáir, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 4 – mír 3 – pointe c – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘is é a bheidh i gceist le ‘féarthailte buana agus féarach buan’ (dá dtagraítear i dteannta a chéile mar ‘féarthailte buana’) talamh a úsáidtear chun féar nó foráiste luibheach eile a fhás go nádúrtha (féinsíolaithe) nó trína shaothrú (síolaithe) ***agus nár áiríodh in uainíocht bharr an ghabháltais ar feadh 5 bliana***	is é a bheidh i gceist le ‘féarthailte buana agus féarach buan’ (dá dtagraítear i dteannta a chéile mar ‘féarthailte buana’) talamh a úsáidtear chun féar nó foráiste luibheach eile a fhás go nádúrtha (féinsíolaithe) nó trína shaothrú (síolaithe). Féadfaidh speicis eile amhail toir nó crainn atá in-innilte, agus, i gcás ina

nó níos mó nó, i gcás ina gcinneann na Ballstáit amhlaidh, ar feadh 7 mbliana nó níos mó agus, i gcás ina gcinnfidh na Ballstáit amhlaidh, nár treabhadh, ná nár saothraíodh, ná nár athshíolaíodh le cineálacha difriúla féar nó foráiste luibheach eile, ar feadh 5 bliana nó níos mó nó ar feadh 7 mbliana nó níos mó.
Féadfaidh speicis eile amhail toir nó crainn atá in-innilte, agus, i gcás ina gcinnfidh na Ballstáit amhlaidh, speicis eile amhail toir nó crainn lena ndéantar beatha ainmhithe a tháirgeadh a bheith mar chuid de sin, ar choinníoll go bhfuil na féara agus an foráiste luibheach eile ceannasach i gcónaí.

gcinnfidh na Ballstáit amhlaidh, speicis eile amhail toir nó crainn lena ndéantar beatha ainmhithe a tháirgeadh a bheith mar chuid de sin, ar choinníoll go bhfuil na féara agus an foráiste luibheach eile ceannasach i gcónaí.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh freisin ceachtar de na roghanna seo a leanas a mheas mar fhéarthlamh buan:

(a) talamh nár áiríodh in uainíocht barr an ghabháltais agus nár treabhadh, ná nár saothraíodh, ná nár athshíolaíodh le cineálacha éagsúla féar nó foráiste luibheach eile ar feadh tréimhse seacht mbliana nó níos mó; nó

(b) talamh nár aicmíodh mar thalamh arúil amhail ón 1 Eanáir 2023, lena gceadaítear do thalamh a raibh stádas arúil aige ar an dáta sin é a choinneáil go buan, fiú má úsáidtear go sealadach í le haghaidh féar nó foráiste luibheach eile.

I gcás ina roghnóidh na Ballstáit cur chuige an scoithdháta, féadfaidh siad a chinneadh nach ndéanfar

athaicmiú mar fhéarthalamh buan mar thoradh ar úsáid shealadach den sórt sin, agus nach gceanglófar treabhadh ná athshíoladh chun a stádas arúil a choinneáil.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe a
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áireoidh na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT córas coinníollachta faoina mbeidh feirmeoirí agus tairbhithe eile a fhaigheann íocaíochtaí díreacha faoin Chaibidil II***, cé is moite de na híocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 41a,*** nó íocaíochtaí bliantúla faoi Airteagal 70, Airteagal 71 agus Ai rteagal 72 faoi réir pionós riaracháin mura gcomhlíonfaidh siad na ceanglais reachtúla bainistíochta faoi dhlí an Aontais agus na caighdeáin GAEC a bhunaítear sa Phleananna Straitéiseacha CBT, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III, a bhaineann leis na réimsí sonracha seo a leanas:	1. Áireoidh na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT córas coinníollachta faoina mbeidh feirmeoirí agus tairbhithe eile a fhaigheann íocaíochtaí díreacha faoi Chaibidil II nó íocaíochtaí bliantúla faoi Airteagal 70, Airteagal 71 agus Ai rteagal 72 faoi réir pionós riaracháin mura gcomhlíonfaidh siad na ceanglais reachtúla bainistíochta faoi dhlí an Aontais agus na caighdeáin GAEC a bhunaítear sa Phleananna Straitéiseacha CBT, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III, a bhaineann leis na réimsí sonracha seo a leanas:

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Feirmeoirí a bhfuil a ngabháltas iomlán deimhnithe ***i gcomhréir le*** Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, measfar go gcomhlíonann siad na caighdeáin 1, 3, 4, 5, 6 agus 7 GAEC a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.	Feirmeoirí a bhfuil a ngabháltas iomlán ***nó cuid de*** deimhnithe ***le haghaidh feirmeoireachta orgánaí nó á thiontú go feirmeoireacht orgánach de réir bhrí*** Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, measfar go gcomhlíonann siad na caighdeáin 1, 3, 4, 5, 6 agus 7 GAEC a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo ***don chuid dá ngabháltas atá deimhnithe nó á tiontú***. ***Feirmeoirí a bhfuil a ngabháltas lonnaithe i láithreáin atá ainmnithe mar limistéir chaomhantais speisialta nó mar limistéir faoi chosaint speisialta faoi Threoir 92/43/CEE ón gComhairle agus faoi Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, meastar go gcomhlíonann siad caighdeáin GAEC 1 go 7 a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo i gcás na coda sin dá ngabháltas atá lonnaithe sna limistéir sin.*** ***Na Ballstáit a bhfuil GAECanna breise acu arna mbunú lena ndlí náisiúnta faoi seach, féadfaidh siad a chinneadh síneadh a chur leis an liosta thuasluaite maidir lena nGAECanna sonracha a chomhlíonadh. Cuirfear cinntí den sórt sin in iúl don Choimisiún.***

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Feirmeoirí a bhfuil a ngabháltas iomlán níos lú ná 50 heictéar, measfar go gcomhlíonann siad riail na dtrí bharr de réir chaighdeán GAEC 7 a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848. Bainfear riail an dá bharra ina hiomláine.

Leasú 89

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (EU) 2021/2115
Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:	***scriosta***
'1. Ar a dhéanaí, amhail ón 1 Eanáir 2025, sonróidh na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT go mbeidh feirmeoirí agus tairbhithe eile a fhaigheann íocaíochtaí díreacha faoi Chaibidil II cé is moite de na híocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 41a, nó na híocaíochtaí bliantúla faoi Airteagal 70, Airteagal 71 agus Airteagal 72 le bheith faoi réir pionóis riaracháin mura gcomhlíonfaidh siad na ceanglais a bhaineann leis na dálaí oibre agus fostaíochta is infheidhme, nó oibleagáidí	

fostóra a eascraíonn as na gníomhartha dlíthiúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV.';

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 a (nua)
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 14 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6a) in Airteagal 14, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:
	'4a. Faoin 31 Nollaig 2026, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na coinníollachta sóisialta ag na Ballstáit. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar a héifeachtacht agus ar a tionchar.'

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:	***scriosta***
(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:	
'1. Féadfaidh na cineálacha idirghabhála faoin gCaibidil	

seo a bheith i bhfoirm íocaíochtaí díreacha díchúpláilte agus cúpláilte agus i bhfoirm íocaíochtaí géarchéime forlíontacha.';

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'4. Is éard a bheidh in íocaíochtaí géarchéime forlíontacha íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha.'

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 a (nua)
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 16 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) in Airteagal 16, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:
	'3a. Ní bheidh íocaíochtaí díreacha faoi réir cánacha ná aon mhuirir fhioscacha arna bhforchur ag na Ballstáit.'

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe b
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 28 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní bheidh an íocaíocht bhliantúil le haghaidh gach feirmeora faoin gcéad fhomhír níos mó ná EUR ***2 500***.	Ní bheidh an íocaíocht bhliantúil le haghaidh gach feirmeora faoin gcéad fhomhír níos mó ná EUR ***5 000***.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 a (nua)
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 30 – mír 3 – fomhír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9a) in Airteagal 30(3), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:
	'I gcás duine dhlítheanaigh, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha amhail grúpa feirmeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí nó comharchumainn, féadfar an tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga a dheonú ar feadh uastréimhse bhreise cúig bliana i gcás ina mbeidh feirmeoir óg ina bhall nua de na daoine dlítheanacha nó de na grúpaí sin, ag tosú ón gcéad bhliain a thíolacfar an t-iarratas ar íocaíocht d'fheirmeoirí óga tar éis ligean isteach an fheirmeora óg nua sin. Ní dheonófar an tacaíocht bhreise seo ach amháin d'fheirmeoirí óga mar a cinneadh i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 4(6) faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit i bPleananna Straitéiseacha CBT.'

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe -a (nua)
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 31 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-a) I mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:
	'De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh feirmeoirí a chuireann isteach iarratais ar chleachtais talmhaíochta atá chun leasa na haeráide, an chomhshaoil agus leasa ainmhithe, agus/nó chun frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach a chomhrac de réir bhrí an Airteagail seo, agus nach mó ná 10 heicteár a limistéar talmhaíochta agus/nó nach sáraíonn siad líon aonad beostoic arna shainiú ag na Ballstáit, a dhíolmhú ó na gealltanais a leagtar síos san Airteagal seo.'

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe b
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 31 – mír 5 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ***féadfaidh*** na Ballstáit a ***chinneadh go*** n-eisiafar ón gceanglas a leagtar síos sa chéad fhomhír, pointe (a), caighdeán 2 GAEC a bhunaítear faoi Chaibidil I, Roinn 2, den Teideal seo.';	De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ***eisiafaidh*** na Ballstáit ón gceanglas a leagtar síos sa chéad fhomhír, pointe (a), caighdeán 2 GAEC a bhunaítear faoi Chaibidil I, Roinn 2, den Teideal seo.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe c – pointe i a (nua)
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 31 – mír 7 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ia) i ndiaidh an dara fomhír, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:
	'Ballstáit a bhaineann úsáid as an maolú a leagtar síos sa dara fomhír agus a thugann isteach íocaíocht bhliantúil le haghaidh aonaid bheostoic, áiritheoidh siad go leanfaidh an beart maidir le pór neamhchoitianta de bheith ina bheart neamhspleách agus go mbeidh sé díolmhaithe ó ríomhanna maoinithe dúbailte mar gheall ar chuspóirí éagsúla agus eisceachtúla an bhirt maidir le pór neamhchoitianta.'

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 10 – pointe c a (nua)
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 31 – mír 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:
	'9a. Féadfaidh na Ballstáit a bPleananna Straitéiseacha CBT a leasú chun a shonrú, in ionad ceann amháin nó níos mó de na hoibleagáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn III, go n-áireofar bearta

coibhéiseacha a fhaigheann tacaíocht sna scéimeanna éiceolaíocha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó sna bearta dá dtagraítear in Airteagal 70. Scoirfidh na gealltanais a bhaineann le hIarscríbhinn III de bheith ina gceangal ar thairbhithe ach ní scoirfidh siad de bheith ina gcúis le laghduithe ar íocaíochtaí ón mbliain féilire ina dtosaíonn na bearta coibhéiseacha dá bhforáiltear ag an mBallstát.'

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 41a – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Íocaíochtaí géarchéime forlíontacha le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha faoi íocaíochtaí díreacha	***scriosta***

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 41a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí géarchéime forlíontacha a sholáthar chun	***scriosta***

tairbhithe íocaíochtaí díreacha faoi Roinn 2 agus Roinn 3 den Chaibidil seo a chúiteamh, ar tairbhithe iad a ndéanann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha difear dóibh. Is é is aidhm do na híocaíochtaí sin leanúnachas ghníomhaíocht talmhaíochta na dtairbhithe sin a áirithiú agus beidh siad faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus a shonraíonn na Ballstáit a thuilleadh ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 41a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. An tacaíocht faoin Airteagal seo, beidh sí faoi réir aithint fhoirmiúil údarás inniúil an Bhallstáit gur tharla tubaiste nádúrtha, teagmhas díobhálach aeráide nó teagmhas turraingeach, mar atá sainmhínithe ag an mBallstát, agus gurbh iad na teagmhais sin, nó bearta arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 chun galar plandaí nó lotnaid a dhíothú nó a shrianadh, nó bearta arna nglacadh chun galair ainmhithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún* a rialú, a chosc	***scriosta***

nó a dhíothú nó bearta arna nglacadh maidir le galar atá ag teacht chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 6(3) agus Airteagal 259 de Rialachán (AE) 2016/429 ba chúis dhíreach le damáiste a raibh scriosadh 30 % ar a laghad de mheántáirgeacht bhliantúil an fheirmeora sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a áireamh. Ríomhfar na caillteanais ar leibhéal an ghabháltais, ar leibhéal ghníomhaíocht an ghabháltais san earnáil lena mbaineann nó i ndáil leis an réimse sonrach lena mbaineann.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 41a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndíreofar tacaíocht faoin Airteagal seo ar na feirmeoirí is mó a ndéanann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha difear dóibh, trí choinníollacha incháilitheachta a chinneadh ar bhonn na fianaise atá ar fáil.	***scriosta***

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 41a – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Bunóidh na Ballstáit na rátaí tacaíochta is infheidhme chun an caillteanas táirgeachta a chúiteamh. Beidh na rátaí sin níos airde i gcás feirmeoirí a chumhdaítear le scéim árachais nó le huirlis bainistithe riosca eile. Féadfar innéacsanna a úsáid chun caillteanas táirgeachta a ríomh.	***scriosta***

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 41a – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na híocaíochtaí a chómhaoiniú le maoiniú náisiúnta breise suas le 200 % i gcomhréir le hAirteagal 115(5) agus le hAirteagal 146.	***scriosta***

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 41a – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún *Leasú*

6. Agus tacaíocht á deonú faoin Airteagal seo, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na hidirghabhálacha faoin Airteagal seo comhsheasmhach leo siúd atá bunaithe ar Airteagal 78a agus go seachnófar róchúiteamh mar thoradh ar theaglaim d'idirghabháil faoin Airteagal seo le hionstraimí tacaíochta náisiúnta eile nó le hionstraimí tacaíochta eile de chuid an Aontais nó le scéimeanna árachais phríobháidigh. ***scriosta***

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 41a – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún *Leasú*

7. De mhaolú ar Airteagal 111, an chéad fhomhír, ní bheidh feidhm ag pointí (h) agus (i) den fhomhír sin maidir le tacaíocht faoin gcineál idirghabhála seo. ***scriosta***

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 a (nua)
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 49 – mír 1

An téacs atá ann *Leasú*

	(12a)In Airteagal 49, leasaítear an chéad mhír mar a leanas:
Déanfaidh na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 46 a shaothrú in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (a). Cuimseofar na táirgí, bídís úr nó próiseáilte, faoi na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 46, pointí (g), (h), (i) agus (k), ach táirgí úra amháin a chuimseofar leis na cuspóirí a leagtar amach i bpointí eile den Airteagal sin.	‘Déanfaidh na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 46 a shaothrú in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (a). Cuimseofar na táirgí, bídís úr nó próiseáilte, faoi na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 46, pointí ***(d), (e), (f),*** (g), (h), (i) agus (k), ach táirgí úra amháin a chuimseofar leis na cuspóirí a leagtar amach i bpointí eile den Airteagal sin.’

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe b – pointe ii
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 70 – mír 3 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ***féadfaidh*** na Ballstáit a ***chinneadh go*** n-eisiafar ón gceanglas a leagtar síos sa chéad fhomhír, pointe (a), caighdeán 2 GAEC a bhunaítear faoi Chaibidil I, Roinn 2, den Teideal seo.’;	De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ***eisiafaidh*** na Ballstáit ón gceanglas a leagtar síos sa chéad fhomhír, pointe (a), caighdeán 2 GAEC a bhunaítear faoi Chaibidil I, Roinn 2, den Teideal seo.

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 a (nua)
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 73 – mír 3 – fomhír 1 - pointe d - pointe iv a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16a) in Airteagal 73(3), an chéad fhomhír, pointe d, cuirtear an pointe seo a leanas leis:
	‘(iva) ábhar géiniteach ardcháilíochta nó ainmhithe pórúcháin ardcháilíochta a cheannach faoi na gealltanais dá dtagraítear in Airteagal 70;’;

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe d
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 75 – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) uasmhéid na cabhrach EUR ***50 000*** le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (d).	(b) uasmhéid na cabhrach EUR ***75 000*** le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (d).

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 76 – mír 5 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit nach ndeonófar tacaíocht ach chun caillteanais a sháraíonn tairseach ***20 %*** ar a laghad den mheántáirgeacht bhliantúil nó de mheánioncam an fheirmeora sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó	Áiritheoidh na Ballstáit nach ndeonófar tacaíocht ach chun caillteanais a sháraíonn tairseach ***15 %*** ar a laghad den mheántáirgeacht bhliantúil nó de mheánioncam an fheirmeora sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó

meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a chur san áireamh, a chúiteamh. Leis na huirlisí bainistithe riosca táirgeachta earnála, ríomhfar na caillteanais ar leibhéal an ghabháltais, ar leibhéal ghníomhaíocht an ghabháltais san earnáil lena maineann nó i ndáil leis an limistéar sonrach faoi árachas.	meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a chur san áireamh, a chúiteamh. Leis na huirlisí bainistithe riosca táirgeachta earnála, ríomhfar na caillteanais ar leibhéal an ghabháltais, ar leibhéal ghníomhaíocht an ghabháltais san earnáil lena mbaineann nó i ndáil leis an limistéar sonrach ***nó an beostoc sonrach*** faoi árachas.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 76 – mír 5 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás barra buana agus i gcásanna eile a bhfuil údar leo nach iomchuí na modhanna ríomha dá dtagraítear sa chéad fhomhír ***ina leith***, féadfaidh na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar na caillteanais ar bhonn meántáirgeacht bhliantúil nó mheánioncam an fheirmeora thar thréimhse nach faide ná 8 mbliana, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a áireamh.	***Nuair*** nach iomchuí na modhanna ríomha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar na caillteanais ar bhonn meántáirgeacht bhliantúil nó mheánioncam an fheirmeora thar thréimhse nach faide ná 8 mbliana, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a áireamh.

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 a (nua)
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 77 – mír 8 - pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19a) in Airteagal 77(8), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):
(b) cabhrú le grúpaí táirgeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí nó eagraíochtaí idirchraoibhe dul i mbun gnó go dtí 10 % de tháirgeadh bliantúil arna mhargú ag an ngrúpa nó ag an eagraíocht, ag a mbeidh uasmhéid ***EUR 100 000 in aghaidh na bliana***; beidh an tacaíocht sin céimlaghdaitheach agus teoranta do na chéad 5 bliana i ndiaidh aitheantas a fháil.	“(b) cabhrú le grúpaí táirgeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí nó eagraíochtaí idirchraoibhe dul i mbun gnó go dtí 10 % de tháirgeadh bliantúil arna mhargú ag an ngrúpa nó ag an eagraíocht, ag a mbeidh uasmhéid ***EUR 500 000 thar 5 bliana***; beidh an tacaíocht sin céimlaghdaitheach agus teoranta do na chéad 5 bliana i ndiaidh aitheantas a fháil”;

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 78a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Féadfaidh*** na Ballstáit íocaíochtaí géarchéime a sholáthar d’fheirmeoirí gníomhacha a ndéanann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha difear dóibh. Is é is aidhm do na híocaíochtaí sin leanúnachas ghníomhaíocht talmhaíochta na bhfeirmeoirí sin a áirithiú agus beidh siad faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a shonraíonn na Ballstáit a thuilleadh ina bPleananna Straitéiseacha CBT.	1. ***Soláthróidh*** na Ballstáit íocaíochtaí géarchéime d’fheirmeoirí gníomhacha a ndéanann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide, ***ráigeanna eipeasótacha*** nó teagmhais thurraingeacha difear dóibh. Is é is aidhm do na híocaíochtaí sin leanúnachas ghníomhaíocht talmhaíochta na bhfeirmeoirí sin a áirithiú agus beidh siad faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a shonraíonn na Ballstáit a thuilleadh ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 78a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. An tacaíocht faoin Airteagal seo, beidh sí faoi réir aithint fhoirmiúil údarás inniúil an Bhallstáit gur tharla tubaiste nádúrtha, teagmhas díobhálach aeráide nó teagmhas turraingeach, mar atá sainmhínithe ag an mBallstát, agus gurbh iad na teagmhais sin, nó bearta arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 chun galar plandaí nó lotnaid a dhíothú nó a shrianadh, nó bearta arna nglacadh chun galair ainmhithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún a chosc nó a dhíothú nó bearta arna nglacadh maidir le galar atá ag teacht chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 6(3) agus Airteagal 259 de Rialachán (AE) 2016/429 ba chúis dhíreach le damáiste a raibh 30 % ar a laghad de mheántáirgeacht bhliantúil an fheirmeora sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a áireamh. Ríomhfar na caillteanais ar leibhéal an ghabháltais, ar leibhéal ghníomhaíocht an ghabháltais san earnáil lena mbaineann nó i ndáil leis an réimse sonrach lena mbaineann.	2. An tacaíocht faoin Airteagal seo, beidh sí faoi réir aithint fhoirmiúil údarás inniúil an Bhallstáit gur tharla tubaiste nádúrtha, teagmhas díobhálach aeráide***, ráig eipeasótach*** nó teagmhas turraingeach, mar atá sainmhínithe ag an mBallstát, agus gurbh iad na teagmhais sin, nó bearta arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 chun galar plandaí nó lotnaid a dhíothú nó a shrianadh, nó bearta arna nglacadh chun galair ainmhithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún a chosc nó a dhíothú nó bearta arna nglacadh maidir le galar atá ag teacht chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 6(3) agus Airteagal 259 de Rialachán (AE) 2016/429 ba chúis dhíreach le damáiste a raibh 30 % ar a laghad ***den bheostoc lena mbaineann nó den limistéar lena mbaineann nó*** de mheántáirgeacht bhliantúil ***nó de mheánbhrabúsacht*** an fheirmeora sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a áireamh. Ríomhfar na caillteanais ar leibhéal an ghabháltais, ar leibhéal ghníomhaíocht an ghabháltais san earnáil lena mbaineann nó i ndáil leis an réimse sonrach ***nó an beostoc***

sonrach lena mbaineann.

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 78a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndíreofar tacaíocht faoin Airteagal seo ar na feirmeoirí is mó a ndéanann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha difear dóibh, trí choinníollacha incháilitheachta a chinneadh ar bhonn na fianaise atá ar fáil.	3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndíreofar tacaíocht faoin Airteagal seo ar na feirmeoirí is mó a ndéanann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide***, ráigeanna eipeasótacha*** nó teagmhais thurraingeacha difear dóibh, trí choinníollacha incháilitheachta a chinneadh ar bhonn na fianaise atá ar fáil.

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 78a – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6a. Áireoidh na Ballstáit ina dtuarascálacha feidhmíochta bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 134 an tacaíocht arna deonú faoin Airteagal seo, lena n-áirítear na hearnálacha lena mbaineann, na méideanna a leithdháileadh, agus an t-údar atá le tacaíocht den sórt sin a leithdháileadh, dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh ualach riaracháin ar

	na tairbhithe mar thoradh ar thuairisciú faoin mír seo.

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 86 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, féadfar foráil a dhéanamh sa Phlean Straitéiseach CBT, i gcásanna ina bhfuil bearta éigeandála i gceist i ngeall ar thubaistí nádúrtha, teagmhais thurraingeacha nó teagmhais dhíobhálacha aeráide, go bhféadfar tús a chur le hincháilitheacht an chaiteachais arna mhaoiniú ag CERT a bhaineann le leasuithe ar an bPlean Straitéiseach CBT a bhaineann le hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 41a ón dáta a tharla an teagmhas.	***scriosta***

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 96a – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás gach Ballstáit, beidh an t-uasmhéid is féidir a fhorchoimeád le haghaidh na n-íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais	I gcás gach Ballstáit, beidh an t-uasmhéid is féidir a fhorchoimeád le haghaidh na n-íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais

dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha dá dtagraítear in ***Airteagal 41a agus*** Airteagal 78a teoranta do na méideanna bliantúla a leagtar amach in Iarscríbhinn XV***, Tábla 1***.	dhíobhálacha aeráide***, ráigeanna eipeasótacha*** nó teagmhais thurraingeacha dá dtagraítear in ***Airteagal*** 78a teoranta do na méideanna bliantúla a leagtar amach in Iarscríbhinn XV.
Leasú 53	
Togra le haghaidh rialacháin **Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26** Rialachán (AE) 2021/2115 Airteagal 96a – mír 1 – fomhír 2	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir le blianta féilire 2025 agus 2026, ní sháróidh an caiteachas bliantúil iomlán ar na híocaíochtaí géarchéime forlíontacha dá dtagraítear in Airteagal 41a an leithdháileadh táscach airgeadais le haghaidh an chineáil sin idirghabhála le haghaidh na bliana féilire ábhartha, arna bhunú ag na Ballstáit ina bpleananna airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 112(2), pointe (a), agus arna fhormheas ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 119. Uasteorainn airgeadais arna socrú le dlí an Aontais a bheidh san uasteorainn airgeadais sin.	***scriosta***
Leasú 54	
Togra le haghaidh rialacháin **Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26** Rialachán (AE) 2021/2115 Airteagal 96a – mír 2 – fomhír 1	

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina gcinnfidh Ballstát gan tacaíocht a sholáthar d'íocaíochtaí géarchéime i gcomhréir le hAirteagal 78a, beidh an t-uasmhéid bliantúil is féidir leis an mBallstát sin a fhorchoimeád le haghaidh na n-íocaíochtaí géarchéime forlíontacha dá dtagraítear in Airteagal 41a teoranta do na méideanna bliantúla a leagtar amach in Iarscríbhinn XV, Tábla 2.	***scriosta***

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 96a – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir le blianta féilire 2025 agus 2026, ní sháróidh an caiteachas bliantúil iomlán ar na híocaíochtaí géarchéime forlíontacha dá dtagraítear in Airteagal 41a an leithdháileadh táscach airgeadais le haghaidh an chineáil sin idirghabhála le haghaidh na bliana féilire ábhartha, arna bhunú ag na Ballstáit ina bpleananna airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 112(2), pointe (a), agus arna fhormheas ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 119. Uasteorainn airgeadais arna socrú le dlí an Aontais a bheidh san	***scriosta***

uasteorainn airgeadais sin.

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26 a (nua)
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 103 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(26a) in Airteagal 103, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	'5a. Beidh cláir POSEI arna mbunú faoi Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 incháilithe le haghaidh aistrithe idir CETFT agus POSEI faoin Airteagal seo. Féadfaidh na Ballstáit a bhfuil na réigiúin is forimeallaí acu freisin, laistigh de theorainneacha a leithdháiltí náisiúnta CBT, méideanna a aistriú ó CERT chun leithdháiltí comhfhreagracha POSEI a threisiú, faoi réir chuspóirí agus theorainneacha an Rialacháin seo.'

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 27
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 111 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
'Ní bheidh feidhm ag pointe (e) den chéad fhomhír maidir le ***hidirghabhálacha faoin gcineál idirghabhála le haghaidh íocaíochtaí***	'Ní bheidh feidhm ag pointe (e) den chéad fhomhír maidir leis an gcineál idirghabhála in earnáil na beachadóireachta dá dtagraítear in Airteagal 55(1), pointí (a) agus

géarchéime forlíontacha le feirmeoirí faoi íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 41a, an cineál idirghabhála in earnáil na beachadóireachta dá dtagraítear in Airteagal 55(1), pointí (a) agus (c) go (g), idirghabhálacha faoin gcineál idirghabhála in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 58(1), pointí (h) go (k), na gníomhaíochtaí faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh scéimeanna cáilíochta faoin gcineál idirghabhála le haghaidh comhair dá dtagraítear in Airteagal 77, agus idirghabhálacha faoin gcineál idirghabhála le haghaidh íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí faoi fhorbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 78a.

(c) go (g), idirghabhálacha faoin gcineál idirghabhála in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 58(1), pointí (h) go (k), na gníomhaíochtaí faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh scéimeanna cáilíochta faoin gcineál idirghabhála le haghaidh comhair dá dtagraítear in Airteagal 77, agus idirghabhálacha faoin gcineál idirghabhála le haghaidh íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí faoi fhorbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 78a.

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 28
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 115 – mír 5 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) in Airteagal 115(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):	***scriosta***
(a) gearrthuairisc ar mhaoiniú breise náisiúnta le haghaidh idirghabhálacha i bhforbairt tuaithe a leagtar síos i dTeideal III, Caibidil IV, agus i gcás idirghabhálacha le haghaidh íocaíochtaí géarchéime forlíontacha le feirmeoirí leagtar síos in Airteagal 41a, a sholáthraítear taobh istigh de raon feidhme an Phlean Straitéisigh CBT,	

lena n-áirítear méideanna in aghaidh na hidirghabhála agus léiriú ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo;';

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 29
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 119 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Déanfaidh an Coimisiún a chuid barúlacha a thabhairt ina leith laistigh de 30 lá ón dáta a cuireadh isteach an iarratas ar leasú dá dtagraítear i mír 2. Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis bhreise ar fad is gá don Choimisiún.	5. Déanfaidh an Coimisiún a chuid barúlacha a thabhairt ina leith laistigh de 30 lá ***féilire*** ón dáta a cuireadh isteach an iarratas ar leasú dá dtagraítear i mír 2. Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis bhreise ar fad is gá don Choimisiún.

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 29
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 119 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Déanfar iarraidh ar leasú straitéiseach ar Phlean Straitéiseach CBT a fhormheas tráth nach déanaí ná ***3*** mhí tar éis don Bhallstát í a chur isteach.	6. Déanfar iarraidh ar leasú straitéiseach ar Phlean Straitéiseach CBT a fhormheas tráth nach déanaí ná ***2*** mhí tar éis don Bhallstát í a chur isteach.

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 29

Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 119 – mír 9 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás nach ndéanfaidh an Coimisiún agóid in aghaidh leasuithe ar tugadh fógra ina leith laistigh de 30 lá oibre ón bhfógra a chur faoina bhráid, beidh éifeachtaí dlíthiúla ag na leasuithe ó dháta an fhógra. Déanfaidh an Coimisiún agóid in aghaidh leasú ar tugadh fógra ina leith má chinneann sé nach bhfuil an leasú comhoiriúnach don Rialachán seo agus do Rialachán (AE) 2021/2116, ná do na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh dá mbun.	I gcás nach ndéanfaidh an Coimisiún agóid in aghaidh leasuithe ar tugadh fógra ina leith laistigh de 30 lá oibre ón bhfógra a chur faoina bhráid, beidh éifeachtaí dlíthiúla ag na leasuithe ó dháta an fhógra. Déanfaidh an Coimisiún agóid in aghaidh leasú ar tugadh fógra ina leith má chinneann sé***, laistigh den tréimhse sin,*** nach bhfuil an leasú comhoiriúnach don Rialachán seo agus do Rialachán (AE) 2021/2116, ná do na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh dá mbun.

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 33 – pointe b
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 134 – mír 5 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) tacaíocht atá tiomnaithe do thairbhithe faoi Airteagal 78a, lena n-áirítear na hearnálacha lena mbaineann, na méideanna a leithdháileadh, agus an t-údar atá leis an tacaíocht sin a sholáthar.

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe -1 (nua)
Rialachán (AE) 2021/2116

Airteagal 3 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-1) in Airteagal 3, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	'2a. De mhaolú ar Airteagal 119(11) de Rialachán (AE) 2021/2115, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh le haghaidh na bliana éilimh 2026 go bhféadfadh éifeacht dlíthiúil a bheith ag leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a bhaineann le hathruithe bunaithe ar an leasú ar an Rialachán seo, sula bhformheasfaidh an Coimisiún iad.'

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2021/2116
Airteagal 13a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás amháin a bheidh freagrach as gníomhaíochtaí a dhéanamh nó a chomhordú chun idir-inoibritheacht náisiúnta agus trasteorann a bhaint amach agus a choinneáil ar bun idir córais faisnéise a úsáidtear chun CBT a chur chun feidhme, a riar, chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air ar mhaithe le feirmeoirí agus tairbhithe eile CBT. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn idir-inoibritheacht cumas na gcóras faisnéise idirghníomhú le chéile trí shonraí a chomhroinnt trí bhíthin	1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás amháin a bheidh freagrach as gníomhaíochtaí a dhéanamh nó a chomhordú chun idir-inoibritheacht náisiúnta agus trasteorann a bhaint amach agus a choinneáil ar bun idir córais faisnéise a úsáidtear chun CBT a chur chun feidhme, a riar, chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air ar mhaithe le feirmeoirí agus tairbhithe eile CBT. ***Gníomhóidh an t-údarás sin ar bhonn na struchtúr riaracháin atá ann cheana agus áiritheoidh sé comhordú éifeachtach leis na***

cumarsáid leictreonach.

gníomhaireachtaí íocaíochta. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn idir-inoibritheacht cumas na gcóras faisnéise idirghníomhú le chéile trí shonraí a chomhroinnt trí bhíthin cumarsáid leictreonach.

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2021/2116
Airteagal 13a – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. I gcás ina gceanglóidh Ballstát ar fheirmeoirí córais faisnéise digiteacha idir-inoibritheacha a úsáid, áiritheoidh sé, le tacaíocht ón gCoimisiún, an méid seo a leanas:
	(a) go bhfuil na huirlisí digiteacha is gá le haghaidh comhlíonta inrochtana agus inacmhainne do gach feirmeoir;
	(b) go bhfuil tacaíocht theicniúil iomchuí ar fáil d'fheirmeoirí, lena n-áirítear trí sheirbhísí comhairleacha nó línte cabhrach;
	(c) go dtairgtear deiseanna oiliúna d'fheirmeoirí, agus aird ar leith á tabhairt ar fheirmeoirí a bhfuil scileanna digiteacha teoranta acu;
	(d) go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun sonraí aonair a chosaint, lena n-áirítear comhiomlánú agus anaithnidiú.

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2021/2116
Airteagal 13a – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
A mhéid is féidir, bunóidh na Ballstáit ***a measúnú ar riachtanais agus dearadh na mbeart ar an bprionsabal*** nach mbailítear sonraí ach aon uair amháin agus nach n-athúsáidtear iad.	***Áiritheoidh*** na Ballstáit***, agus an Rialachán seo á chur chun feidhme acu,*** nach mbaileofar sonraí ***arna soláthar ag feirmeoirí agus ag tairbhithe eile CBT*** ach aon uair amháin agus go n-athúsáidfear iad ***ar fud na gcóras faisnéise***.

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2021/2116
Airteagal 13a – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Déanfar sonraí a chomhroinntear trí chórais faisnéise idir-inoibritheacha faoin Rialachán seo a anaithnidiú agus a úsáid go heisiach chun críoch a bhaineann le CBT a chur chun feidhme, faireachán agus measóireacht a dhéanamh air nó chun críocha staidrimh.

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2021/2116
Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní úsáidfear an cúlchiste ***le haghaidh bearta lena dtugtar tacaíocht d'fheirmeoirí a ndéanann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha difear dóibh. Mar sin féin, is féidir an cúlchiste a úsáid le haghaidh bearta lena dtugtar aghaidh ar shuaitheadh sa mhargadh de dheasca tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha lena n-áirítear bearta arna nglacadh de bhun Airteagail 219 agus 220 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013***.	***Tabharfar údar cuí le cinneadh an Choimisiúin*** an cúlchiste ***a ghníomhachtú. Cuirfidh an Coimisiún an cinneadh sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gan moill mhíchuí***.

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 a (nua)
Rialachán (AE) 2021/2116
Airteagal 34 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) In Airteagal 34, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
	'1. Saorfaidh an Coimisiún go huathoibríoch aon chuid de ghealltanas buiséadach d'idirghabhálacha forbartha tuaithe i bPlean Straitéiseach CBT nár úsáideadh chun críocha réamh-mhaoinithe nó chun réamhíocaíochtaí a dhéanamh, nó aon chuid nach bhfuil aon dearbhú caiteachais faighte aige ina leith i

gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(6), pointe (a) agus pointe (c), maidir le caiteachas arna dhéanamh faoin 31 Nollaig sa tríú bliain tar éis bhliain an ghealltanais bhuiséadaigh.'

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 24 a (nua)
Rialachán (AE) 2021/2116
Airteagal 97 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(24a) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:
	'Airteagal 97a
	Tuarascáil bhliantúil maidir le híocaíochtaí géarchéime
	Faoin 30 Meán Fómhair gach bliain tar éis na bliana buiséadaí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar úsáid na tacaíochta a chuirtear ar fáil faoi Airteagal 78a de Rialachán (AE) 2021/2115.'

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) 2021/2115
Iarscríbhinn I – tábla 'Imréiteach feidhmíochta bliantúil – ASCHUIR – Cineálacha idirghabhála agus a dtáscairí aschuir'

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	
Cineálacha idirghabhála	Táscairí aschuir

Comhar (Airteagal 77)	O.1 Líon na dtionscadal grúpa oibríochtúil de chuid na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil (CEN)
Malartú eolais agus scaipeadh faisnéise (Airteagal 78)	O.2 Líon na ngníomhaíochtaí nó na n-aonad comhairle chun tacaíocht nuálaíochta a chur ar fáil chun tionscadail grúpa oibríochtúil na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil (CEN) a ullmhú nó a chur chun feidhme
Táscaire cothrománach	O.3 Líon na dtairbhithe de thacaíocht CBT
Tacaíocht bhunúsach ioncaim (Airteagal 21)	O.4 An líon heicteár a thairbhíonn de thacaíocht bhunúsach ioncaim
Íocaíocht d'fheirmeoirí beaga (Airteagal 28)	O.5 Líon na dtairbhithe nó na heicteár a thairbhíonn d'iocaíochtaí d'fheirmeoirí beaga
Tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga (Airteagal 30)	O.6 Líon na heicteár a thairbhíonn de thacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga
Tacaíocht ioncaim athdháilte (Airteagal 29)	O.7 An líon heicteár a thairbhíonn de thacaíocht ioncaim athdháilte
Éiciscéimeanna (Airteagal 31)	O.8 An líon heicteár nó aonaid bheostoic a thairbhíonn de thacaíocht d'éiciscéimeanna
Uirlisí bainistithe riosca (Airteagal 76)	O.9 Líon na n-aonad a chumhdaítear le huirlisí bainistithe riosca dá dtugtar tacaíocht CBT
Íocaíochtaí géarchéime forlíontacha d'fheirmeoirí faoi íocaíochtaí díreacha (Airteagal 41a)	***O.9a An líon feirmeoirí a thairbhíonn d'íocaíochtaí géarchéime forlíontacha faoi íocaíochtaí díreacha***
Íocaíochtaí géarchéime d'fheirmeoirí faoi fhorbairt tuaithe (Airteagal 78a)	O.9b An líon feirmeoirí a thairbhíonn d'íocaíochtaí géarchéime faoi fhorbairt tuaithe
Tacaíocht ioncaim chúpláilte (Airteagal 32)	O.10 An líon heicteár a fhaigheann tacaíocht ioncaim chúpláilte
	0.11 An líon feirmeoirí atá ina gceann gabháltais a thairbhíonn de thacaíocht ioncaim chúpláilte

Srianta nádúrtha nó srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar (Airteagal 71)	0.12 An líon heicteár a thairbhíonn de thacaíocht do limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta sonracha eile ag bagairt orthu, lena n-áirítear miondealú de réir chineál na limistéar
Míbhuntáistí de thoradh ceanglais éigeantacha áirithe a bhaineann go sonrach le limistéar (Airteagal 72)	0.13 An líon heicteár a thairbhíonn de thacaíocht faoi Natura 2000 nó faoi Threoir 2000/60/CE
Gealltanais chomhshaoil, gealltanais a bhaineann leis an aeráid agus gealltanais bhainistíochta eile (Airteagal 70)	0.14 An líon heicteár (seachas foraoiseacht) nó líon aonad eile a chumhdaítear le gealltanais chomhshaoil nó gealltanais a bhaineann leis an aeráid a théann thar na ceanglais éigeantacha
	0.15 An líon heicteár (foraoiseacht) nó líon aonad eile a chumhdaítear le gealltanais chomhshaoil nó gealltanais a bhaineann leis an aeráid a théann thar na ceanglais éigeantacha
	0.16 An líon heicteár nó líon aonad eile atá faoi ghealltanais chothabhála le haghaidh foraoisiú agus agrafhoraoiseachta
	0.17 An líon heicteár nó líon aonad eile a thairbhíonn de thacaíocht le haghaidh na feirmeoireachta orgánaí
	0.18 An líon aonad beostoic (LU) a thairbhíonn de thacaíocht le haghaidh leas agus sláinte ainmhithe nó níos mó bearta bithshlándála
	0.19 An líon oibríochtaí nó aonad lena dtugtar tacaíocht maidir le hacmhainní géiniteacha
Infheistíochtaí (Airteagal 73 agus Airteagal 74)	0.20 An líon oibríochtaí nó aonad infheistíochta táirgiúla ar fheirmeacha dá dtugtar tacaíocht
	0.21 An líon oibríochtaí nó aonad infheistíochta neamhtháirgiúla ar fheirmeacha dá dtugtar tacaíocht
	0.22 An líon oibríochtaí nó aonad infheistíochta bonneagair dá dtugtar tacaíocht

	0.23 An líon oibríochtaí nó aonad infheistíochta neamhtháirgiúla taobh amuigh den fheirm dá dtugtar tacaíocht
	0.24 An líon oibríochtaí nó aonad infheistíochta táirgiúla taobh amuigh den fheirm dá dtugtar tacaíocht
Cabhrú le feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua dul i mbun gnó, le tionscnamh gnólachtaí tuaithe nó forbairt gnó d'fheirmeacha beaga (Airteagal 75)	0.25 An líon feirmeoirí óga dá dtugtar tacaíocht maidir le dul i mbun gnó
	0.26 An líon feirmeoirí óga a fhaigheann tacaíocht maidir le dul i mbun gnó (seachas feirmeoirí óga a thuairiscítear faoi O.25)
	0.27 An líon gnólachtaí tuaithe a fhaigheann tacaíocht chun dul i mbun gnó
	O.27a An líon feirmeacha beaga a fhaigheann tacaíocht d'fhorbairt gnó'
Comhar (Airteagal 77)	0.28 An líon grúpaí táirgeoirí agus eagraíochtaí táirgeoirí a fhaigheann tacaíocht
	0.29 An líon tairbhithe dá dtugtar tacaíocht chun a bheith rannpháirteach i scéimeanna cáilíochta oifigiúla
	0.30 An líon oibríochtaí nó aonad dá dtugtar tacaíocht le haghaidh athnuachan ó ghlúin go glúin (seachas tacaíocht maidir le dul i mbun gnó)
	0.31 An líon straitéisí forbartha áitiúla (LEADER) nó gníomhaíochtaí ullmhúcháin dá dtugtar tacaíocht
	0.32 An líon oibríochtaí nó aonad eile comhair dá dtugtar tacaíocht (gan CEN a thuairiscítear in O.1 a áireamh)
Malartú eolais agus scaipeadh faisnéise (Airteagal 78)	0.33 An líon gníomhaíochtaí nó aonad oiliúna, comhairle agus feasachta dá dtugtar tacaíocht

Táscaire cothrománach	0.34 An líon heicteár atá faoi chleachtais chomhshaoil (táscaire achoimre maidir leis an limistéar fisiceach a chumhdaítear faoi choinníollacht, éiciscéimeanna, agus gealltanais maidir le bainistiú agra-chomhshaoil-aeráide agus foraois-chomhshaoil-aeráide)
Cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe (Airteagal 47)	0.35 An líon clár oibríochtúil dá dtugtar tacaíocht
Cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe (Airteagal 47)	0.36 An líon clár oibríochtúil dá dtugtar tacaíocht
Cineálacha idirghabhála in earnáil an fhíona (Airteagal 58)	O.37 An líon gníomhaíochtaí nó aonad dá dtugtar tacaíocht in earnáil an fhíona
Cineálacha idirghabhála in earnáil na beachadóireachta (Airteagal 55)	0.38 An líon gníomhaíochtaí nó aonad chun an bheachadóireacht a chaomhnú nó a fheabhsú

Leasú	
Cineálacha idirghabhála	Táscairí aschuir
Comhar (Airteagal 77)	O.1 Líon na dtionscadal grúpa oibríochtúil de chuid na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil (CEN)
Malartú eolais agus scaipeadh faisnéise (Airteagal 78)	O.2 Líon na ngníomhaíochtaí nó na n-aonad comhairle chun tacaíocht nuálaíochta a chur ar fáil chun tionscadail grúpa oibríochtúil na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil (CEN) a ullmhú nó a chur chun feidhme
Táscaire cothrománach	O.3 Líon na dtairbhithe de thacaíocht CBT
Tacaíocht bhunúsach ioncaim (Airteagal 21)	O.4 An líon heicteár a thairbhíonn de thacaíocht bhunúsach ioncaim
Íocaíocht d’fheirmeoirí beaga (Airteagal 28)	O.5 Líon na dtairbhithe nó na heicteár a bhaineann tairbhe as iocaíochtaí d’fheirmeoirí beaga

Tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga (Airteagal 30)	O.6 Líon na heicteár a thairbhíonn de thacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga
Tacaíocht ioncaim athdháilte (Airteagal 29)	O.7 An líon heicteár a thairbhíonn de thacaíocht ioncaim athdháilte
Éiciscéimeanna (Airteagal 31)	O.8 An líon heicteár nó aonaid bheostoic a thairbhíonn de thacaíocht d'éiciscéimeanna
Uirlisí bainistithe riosca (Airteagal 76)	O.9 Líon na n-aonad a chumhdaítear le huirlisí bainistithe riosca dá dtugtar tacaíocht CBT
Íocaíochtaí géarchéime d'fheirmeoirí faoi fhorbairt tuaithe (Airteagal 78a)	O.9b An líon feirmeoirí a thairbhíonn d'íocaíochtaí géarchéime faoi fhorbairt tuaithe
Tacaíocht ioncaim chúpláilte (Airteagal 32)	O.1 0 An líon heicteár a fhaigheann tacaíocht ioncaim chúpláilte
	0.11 An líon feirmeoirí atá ina gceann gabháltais a thairbhíonn de thacaíocht ioncaim chúpláilte
Srianta nádúrtha nó srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar (Airteagal 71)	0.12 An líon heicteár a thairbhíonn de thacaíocht do limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta sonracha eile ag bagairt orthu, lena n-áirítear miondealú de réir chineál na limistéar
Míbhuntáistí de thoradh ceanglais éigeantacha áirithe a bhaineann go sonrach le limistéar (Airteagal 72)	0.13 An líon heicteár a thairbhíonn de thacaíocht faoi Natura 2000 nó faoi Threoir 2000/60/CE
Gealltanais chomhshaoil, gealltanais a bhaineann leis an aeráid agus gealltanais bhainistíochta eile (Airteagal 70)	0.14 An líon heicteár (seachas foraoiseacht) nó líon aonad eile a chumhdaítear le gealltanais chomhshaoil nó gealltanais a bhaineann leis an aeráid a théann thar na ceanglais éigeantacha
	0.15 An líon heicteár (foraoiseacht) nó líon aonad eile a chumhdaítear le gealltanais chomhshaoil nó gealltanais a bhaineann leis an aeráid a théann thar na ceanglais éigeantacha
	0.16 An líon heicteár nó líon aonad eile atá faoi ghealltanais chothabhála le haghaidh foraoisiú agus agrafhoraoiseachta

	0.17 An líon heicteár nó líon aonad eile a thairbhíonn de thacaíocht le haghaidh na feirmeoireachta orgánaí
	0.18 An líon aonad beostoic (LU) a thairbhíonn de thacaíocht le haghaidh leas agus sláinte ainmhithe nó níos mó bearta bithshlándála
	0.19 An líon oibríochtaí nó aonad lena dtugtar tacaíocht maidir le hacmhainní géiniteacha
Infheistíochtaí (Airteagal 73 agus Airteagal 74)	0.20 An líon oibríochtaí nó aonad infheistíochta táirgiúla ar fheirmeacha dá dtugtar tacaíocht
	0.21 An líon oibríochtaí nó aonad infheistíochta neamhtháirgiúla ar fheirmeacha dá dtugtar tacaíocht
	0.22 An líon oibríochtaí nó aonad infheistíochta bonneagair dá dtugtar tacaíocht
	0.23 An líon oibríochtaí nó aonad infheistíochta neamhtháirgiúla taobh amuigh den fheirm dá dtugtar tacaíocht
	0.24 An líon oibríochtaí nó aonad infheistíochta táirgiúla taobh amuigh den fheirm dá dtugtar tacaíocht
Cabhrú le feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua dul i mbun gnó, le tionscnamh gnólachtaí tuaithe nó forbairt gnó d’fheirmeacha beaga (Airteagal 75)	0.25 An líon feirmeoirí óga dá dtugtar tacaíocht maidir le dul i mbun gnó
	0.26 An líon feirmeoirí óga a fhaigheann tacaíocht maidir le dul i mbun gnó (seachas feirmeoirí óga a thuairiscítear faoi O.25)
	0.27 An líon gnólachtaí tuaithe a fhaigheann tacaíocht chun dul i mbun gnó
	O.27a An líon feirmeacha beaga a fhaigheann tacaíocht d’fhorbairt gnó’
Comhar (Airteagal 77)	0.28 An líon grúpaí táirgeoirí agus eagraíochtaí táirgeoirí a fhaigheann tacaíocht
	0.29 An líon tairbhithe dá dtugtar tacaíocht chun a bheith rannpháirteach i scéimeanna cáilíochta oifigiúla

	0.30 An líon oibríochtaí nó aonad dá dtugtar tacaíocht le haghaidh athnuachan ó ghlúin go glúin (seachas tacaíocht maidir le dul i mbun gnó)
	0.31 An líon straitéisí forbartha áitiúla (LEADER) nó gníomhaíochtaí ullmhúcháin dá dtugtar tacaíocht
	0.32 An líon oibríochtaí nó aonad eile comhair dá dtugtar tacaíocht (gan CEN a thuairiscítear in O.1 a áireamh)
Malartú eolais agus scaipeadh faisnéise (Airteagal 78)	0.33 An líon gníomhaíochtaí nó aonad oiliúna, comhairle agus feasachta dá dtugtar tacaíocht
Táscaire cothrománach	0.34 An líon heicteár atá faoi chleachtais chomhshaoil (táscaire achoimre maidir leis an limistéar fisiceach a chumhdaítear faoi choinníollacht, éiciscéimeanna, agus gealltanais maidir le bainistiú agra-chomhshaoil-aeráide agus foraois-chomhshaoil-aeráide)
Cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe (Airteagal 47)	0.35 An líon clár oibríochtúil dá dtugtar tacaíocht
Cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe (Airteagal 47)	0.36 An líon clár oibríochtúil dá dtugtar tacaíocht
Cineálacha idirghabhála in earnáil an fhíona (Airteagal 58)	O.37 An líon gníomhaíochtaí nó aonad dá dtugtar tacaíocht in earnáil an fhíona
Cineálacha idirghabhála in earnáil na beachadóireachta (Airteagal 55)	0.38 An líon gníomhaíochtaí nó aonad chun an bheachadóireacht a chaomhnú nó a fheabhsú

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 2 – pointe a
Rialachán (AE) 2021/2115
Iarscríbhinn II – tábla – ró 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún		
‘Íocaíochtaí	***Airteagal***	***8’***

géarchéime forlíontacha le feirmeoirí faoi íocaíochtaí díreacha	***41a***	
Leasú		
Scriosta		

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 3 – pointe b a (nua)
Rialachán (AE) 2021/2115
Iarscríbhinn III – tábla – iontráil GAEC 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) scriostar an iontráil 'GAEC 5'.

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 3 – pointe b b (nua)
Rialachán (AE) 2021/2115
Iarscríbhinn III – tábla – iontráil GAEC 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(bb) scriostar an iontráil 'GAEC 9'.

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II
Rialachán (AE) 2021/2115
Iarscríbhinn XV – tábla 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún
Tábla 2

AN tUASMHÉID IN AGHAIDH AN BHALLSTÁIT IS FÉIDIR A CHUR IN ÁIRITHE LE hAGHAIDH ÍOCAÍOCHTAÍ GÉARCHÉIME LE FEIRMEOIRÍ dá dtagraítear in AIRTEAGAL 96A(2)		
Ballstát	***Bliain féilire 2025*** ***Bliain airgeadais 2026***	***Bliain féilire 2026*** ***Bliain airgeadais 2027***
An Bheilg	***23 109 073***	***23 109 073***
An Bhulgáir	***44 204 908***	***44 550 091***
an tSeicia	***44 163 800***	***44 163 800***
An Danmhairg	***37 532 053***	***37 532 053***
An Ghearmáin	***240 322 208***	***240 322 208***
An Eastóin	***11 606 987***	***11 721 416***
Éire	***59 916 905***	***59 916 905***
An Ghréig	***97 944 546***	***97 944 546***
An Spáinn	***236 406 847***	***236 698 831***
An Fhrainc	***348 749 624***	***348 525 624***
An Chróit	***26 883 106***	***26 883 106***
An Iodáil	***198 898 021***	***198 898 021***
An Chipir	***2 856 722***	***2 856 722***
An Laitvia	***19 035 724***	***19 239 157***
An Liotuáin	***31 986 340***	***32 328 319***
Lucsamburg	***1 802 339***	***1 802 339***
An Ungáir	***66 402 173***	***66 402 173***
Málta	***983 141***	***983 141***
An Ísiltír	***31 626 028***	***31 626 028***
An Ostair	***47 904 264***	***47 904 264***
An Pholainn	***178 991 434***	***180 238 787***
An Phortaingéil	***46 862 409***	***47 213 771***
An Rómáin	***118 763 481***	***119 865 804***
An tSlóivéin	***9 668 010***	***9 668 010***
An tSlóvaic	***26 787 322***	***26 861 360***
An Fhionlainn	***35 101 491***	***35 174 233***
An tSualainn	***35 939 120***	***35 948 246***

Leasú
Scriosta